Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 38

# Sláinte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2013 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte, agus maidir le seirbhísí áirithe eile arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €29.527 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Tá an Roinn comhlíontach cé is moite de chúig chonradh dar luach €162,559. Tá mionsonraí na gconarthaí sin tugtha ag an Roinn don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

23 Méan Fomhair 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

Is í mo thuairim go gcuireann an cuntas leithghabhála i láthair go cuí fháltais agus caiteachas Vóta 38 Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Sláinte. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais

***Tuairisciú ar ghnéithe a eascraíonn as iniúchadh***

Déileáiltear i gcaibidil 13 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí in 2013 le hoibriú an chórais um Fhreagairt Glaonna Éigeandála.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2014

# Vóta 38 Sláinte
## Cuntas Leithreasa 2013

| **Seirbhís** | | **2013** | | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | 24,742 | 22,176 | 23,499 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | 654 | 499 | 375 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 947 | 634 | 552 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 628 | 458 | 434 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,824 | 1,539 | 1,519 |
| A.6 | Costais áitreabh oifige | 625 | 620 | 886 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 2,000 | 1,221 | 1,563 |
| A.8 | Uachtaránacht an AE | 650 | 568 | 286 |
| **Deontais** | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | 36,016 | 35,746 | 36,091 |
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |
| B.3 | An Tionscnamh Drugaí | 29,951 | 29,568 | 31,475 |
| **Seirbhísí eile** | | | | |
| C. | Costais a bhaineann leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí Idirnáisiúnta eile | 2,725 | 2,676 | 2,724 |
| D. | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí ilghnéitheacha dlí mar aon le socruithe | 19,468 | 8,623 | 9,462 |
| E.1 | Comhlachtaí forbraíochta, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | 57,294 | 50,291 | 47,864 |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 5,950 | 5,950 | 5,250 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus an tAonad Speisialta Seachadta | 13,987 | 17,387 | 40,587 |
| E.4 | INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann | 2,190 | 1,524 | 1,910 |

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | | **€000** |
| **Seirbhísí eile (ar leanúint)** | | | | | |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | 745 | 420 | | 498 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a éilíonn go ndearna vacsaíniú díobháil dóibh | 1 | — | | — |
| F.3 | Íocaíochtaí chuig cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | 24,786 | 21,200 | | 25,300 |
| F.4 | Íocaíochtaí chuig cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | 3,849 | 3,000 | | 3,250 |
| G. | Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | 813 | 537 | | 403 |
| **Seirbhísí Caipitiúla** | | | | | |
| H. | Deontais i leith tógála agus feistithe (lena n-áirítear TFC) i gcás gníomhaireachtaí arna gcistiú ag an Roinn | 14,527 | 11,127 | | 7,284 |
| | **Ollchaiteachas** | **247,658** | **219,050** | | **244,498** |
| | *Lúide* | | | | |
| I | **Leithreasaí i gcabhair** | **3,916** | **4,836** | | **5,088** |
| | **Glanchaiteachas** | **243,742** | **214,214** | | **239,410** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 29,527,212 | 86,470,381 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán | | 27,715 | 29,114 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 191,335 | 215,384 |
| **Ollchaiteachas** | | **219,050** | **244,498** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **4,836** | **5,088** |
| **Glanchaiteachas** | | **214,214** | **239,410** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (105) | | |
| Dímheas | 170 | | |
| Caillteanas as diúscairtí | — | | |
| | | 65 | 76 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (2,247) | | |
| Laghdú ar an stoc | (19) | | |
| | | (2,266) | (1,343) |
| **Caiteachas díreach** | | **212,013** | **238,143** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 9,228 | 9,483 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,349 | 2,359 |
| **Costas glan clár** | | **223,590** | **249,985** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 38 arna dtabhú in áit eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 81 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 7,231 | 7,053 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,640 | 2,165 |
| An Lárchiste - pinsin Airí | m | 276 | 265 |
| | | **9,228** | **9,483** |

léiríonn “m” gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir..

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 671 | 747 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 82 | 63 |
| Réamhíocaíochtaí | | 355 | 310 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 8,960 | 7,236 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 4,123 | 2,885 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **13,520** | **10,494** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 211 | 689 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 173 | 349 |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 3,333 | 600 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 617 | 1,936 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **4,334** | **3,574** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **9,186** | **6,920** |
| **Glansócmhainní** | | **9,857** | **7,667** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe stáit** | 2.1 | **9,857** | **7,667** |

### 2.1 Cuntas Cistithe Stáit

| | Nóta | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 7,667 | 6,389 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 243,742 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (29,528) | | |
| Vóta glan | | | 214,214 | 239,410 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 9,228 | 9,483 |
| Measchíosanna (neamh-airgid) | 1 | | 2,349 | 2,359 |
| Caiteachas neamh-airgid | | | (11) | 11 |
| Costas glan clár | 1 | | (223,590) | (249,985) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **9,857** | **7,667** |

## 2.2 Shócmhainní Caipitiúla

| | Oifig trealamh | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 2,469 | 1,998 | 4,467 |
| Breiseanna | 91 | 3 | 94 |
| Diúscairtí | (29) | (39) | (68) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 2,531 | 1,962 | 4,493 |
| **Dímheas Carntha:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | 1,890 | 1,830 | 3,720 |
| Dímheas don bhliain | 110 | 60 | 170 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (29) | (39) | (68) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2013 | 1,971 | 1,851 | 3,822 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **560** | **111** | **671** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **579** | **168** | **747** |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | (3,197) | 3,706 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (136) | (4,306) |
| | (3,333) | (600) |

## 2.4 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 26 | 21 |
| Ábhair intomhalta TF | 56 | 42 |
| | 82 | 63 |

## 2.5 Ioncam Fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Asbhaintí a bhaineann le pá atá dlite ó Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 8,701 | 7,030 |
| Eile | 259 | 206 |
| | 8,960 | 7,236 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 94 |
| Tuarastail in-aisghabhála | 89 | 327 |
| Aisghabháil costais taistil | 31 | 24 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 134 | 123 |
| Binse Cúitimh Heipitíteas C | 3,861 | 2,309 |
| Míreanna dochair fionraí eile | 8 | 8 |
| | 4,123 | 2,885 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch | — | 23 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | (3) | (3) |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 71 | 42 |
| Cáin Bhreisluacha | 13 | 22 |
| Pinsin | — | 210 |
| | 81 | 294 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | 92 | 55 |
| | 173 | 349 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 29,528 | 86,470 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (28,911) | (84,534) |
| Glandliteanas don Státchiste | 617 | 1,936 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 4,123 | 2,885 |
| | 4,123 | 2,885 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (81) | (294) |
| Banc agus airgead tirim | (3,333) | (600) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (92) | (55) |
| | (3,506) | (949) |
| | | |
| | 617 | 1,936 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(A) Ceangaltais Iomlána** | | |
| Ceangaltais Neamh-Chaipitiúla ar dócha a thiocfaidh i gceist sna blianta ina dhiaidh sin: | | |
| Fotheidil soláthair | 10,375 | 31,131 |

| **(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **1. Ceangaltais Chaipitil atá Infhorghníomhaithe le Dlí** | | |
| Caiteachas sa bhliain | 11,127 | 7,284 |
| Ceangaltais a chaithfear a shásamh sna blianta ina dhiaidh sin | 31,540 | 26,769 |

**2. Tionscadail chaipitil os cionn €6.3 milliún**

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2012** | **Íoctha in 2013** | **Lena n-íoc sna blianta ina dhiaidh sin** | **Costas iomlán an tionscadail** |
|---|---|---|---|---|
| **An Bord Taighde Sláinte** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Áis Taighde Chliniciúil** | | | | |
| Ospidéal Naomh Séamas agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath | 5,240 | 2,109 | 4,651 | 12,000 |
| Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh | — | 2,000 | 6,750 | 8,750 |
| Eolaíocht Bithleighis Chliniciúil Fheidhmeach | 2,258 | 3,106 | 6,018 | 11,382 |
| Iomlán | 7,498 | 7,215 | 17,419 | 32,132 |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta maidir le meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| **Cur Síos** | **Fo-theideal** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|---|
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | A.3 | 313 | Níor tosaíodh na moltaí maidir le leathnú suntasach a dhéanamh ar chlár oiliúna na foirne mar a bhí sé beartaithe. |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | A.4 | 170 | Bhí costas na muirear teileafóin níos lú ná mar a bhí tuartha i ngeall go páirteach ar phraghsanna conartha feabhsaithe. |
| Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | A.7 | 779 | Níor cuireadh comhairliúcháin i dtaca leis an Aonad Speisialta Seachadta, an Árachas Sláinte Uilechoiteann agus an Árachas Sláinte Príobháideach ar aghaidh mar a bhí sé beartaithe. |
| Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí ilghnéitheacha dlí mar aon le socruithe | D | 10,845 | Eascraíonn an coigilteas ar shocraíochtaí agus táillí dlíthiúla ilghnéitheacha as an bhfad ama a ghlac sé chun cásanna agus éilimh a shocrú, lena n-áirítear éilimh faoi Scéim Íocaíochta Ospidéal Mhuire Lourdes. Ós rud é nach bhfuil smacht ag an Roinn ar uainíocht na socraíochtaí is deacair líon nó luach na gcásanna a shocrófar i mbliain faoi leith a thuar. |

| Cur Síos | Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Comhlachtaí forbraíochta, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | E.1 | 7,003 | Bhí an caiteachas ar ghníomhaireachtaí sláinte laistigh den dá ghníomhaireacht is mó maoinithe ón bhfotheideal seo, an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, níos lú ná mar a bhí tuartha. Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig na gníomhaireachtaí sin suas go dtí an leibhéal faofa caiteachais nó an caiteachas iarbhír, cibé luach is ísle.<br><br>I gcás an **Choimisiúin Meabhair-Shláinte** sábháladh €1.98 milliún ó leithdháileadh an Choimisiúin do 2013 de thoradh na dtosca seo a leanas: Rinneadh poist a ceadaíodh le líonadh tríd an meicníocht ath-lonnaithe a líonadh níos moille ná mar a bhí tuartha.<br><br>• Fuarthas cead i gcomhair post folamh níos moille ná mar a bhí tuartha chomh maith agus dá bhrí sin cuireadh tús le hearcaíocht ina dhiaidh sin (de réir an cheada a tugadh) níos moille ná mar a bhí tuartha.<br>• I ngeall ar neamhchinnteachtaí a bhain le cúrsaí leanúnacha dlí, níor tharla an caiteachas mar a bhí tuartha i dtosach maidir le táillí dlíthiúla. Tháinig sé sin chun cinn i ngeall ar chonradh úr maidir le seirbhísí dlíthiúla, agus torthaí rathúla i dtaca le cúrsaí dlíthiúla iomchuí.<br><br>Maidir leis **an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA),** lean an eagraíocht le freagrachtaí breise a ghlacadh sa réimse sláinte agus cúraim shóisialta ar aon dul leis na cinntí beartais a rinne an Rialtas le haghaidh iniúchadh agus rialú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Tugadh cead don HIQA i mí na Bealtaine 2012 agus i mí Aibreáin 2013 chun baill foirne bhreise a earcú chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh. Cuireadh na hacmhainní airgeadais gaolmhara ar fáil le leithdháileadh HIQA le haghaidh 2012 agus 2013. Cuireadh earcaíocht na mball foirne breise ar aghaidh i bhfad níos moille ná mar a bhí tuartha, áfach, agus mar thoradh air sin rinneadh coigiltis ar leithdháileadh HIQA le haghaidh 2013. Baineadh coigilteas amach chomh maith ar chíos cóiríochta breise ag Oifigí HIQA i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath sa chás nár cuireadh an muirear cíosa níos airde i bhfeidhm chomh luath is a bhí tuartha i dtosach. Rinneadh coigilteas de €2.74 milliún in dhá réimse<br><br>I measc na gcoigilteas gníomhaireachta eile le haghaidh 2013 tá:<br>• **An tÚdarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann €0.126 milliún**- athdhearadh ar leabharlann a cuireadh siar agus trealamh nár ceannaíodh<br>• **CORU €0.216 milliún** - moilleanna maidir le baill foirne a earcú agus bunú boird chlárúcháin agus a gclárаitheoirí<br>• **Bord Leigheasra na hÉireann €0.100 millún** - coigiltis i dtaca leis an bpárolla |

| Cur Síos | Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus an tAonad Speisialta Seachadta | E.3 | (3,400) | Ba ionann an buiséad le haghaidh an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála & an Aonaid Speisialta Seachadta in 2013 agus €13.987m. D'fhonn dliteanais uile amuigh chúram na n-othar a íoc faoi dheireadh na bliana theastaigh €3.4 eile. Baineann an riachtanas maidir le maoiniú breise le dliteanais chúraim othar agus ní le costais riaracháin. Dhearbhaigh an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála nach bhfuil níos mó dliteanais cúram othar á dtabhú. |
| INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann | E.4 | 666 | D'eascair na coigiltis as moilleanna maidir le feabhas a chur ar chaiteachas faoin gclár. |
| Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | F.1 | 325 | Le linn 2013, lean an Roinn d'íocaíochtaí míosúla a dhéanamh le hÉireannaigh a tháinig slán as tailídimíd. Lena chois sin, thug an Roinn tacaíocht d'fhoireann chliniciúil ildisciplíneach chun freastal ar ionad speisialtóra sa tSualainn chun eolas a fháil ar riachtanais chliniciúla agus theirpeacha na ndaoine a tháinig slán as tailídimíd. Níor tugadh an measúnú ar riachtanais daoine aonair ag an bhfoireann chliniciúil ildisciplíneach i gcrích agus níor soláthraíodh na tacaí breise um shláinte agus um sheirbhís shóisialta phearsanta in 2013. Tá an Roinn i gcainteanna fós leis na daoine a tháinig slán. |
| Íocaíochtaí chuig cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | F.3 | 3,586 | Níl an Roinn in ann a thuar go cruinn líon nó luach na méideanna a dhámhfaidh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV d'éilitheoirí in aon bhliain ar leith. Braitheann na híocaíochtaí iarbhír ar chinntí an Bhinse agus bhí siad sin níos lú ná mar a bhí measta i dtosach. |
| Íocaíochtaí chuig cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | F.4 | 849 | Tá íocaíocht Ciste Cúitimh socraithe ag 20% de dhámhachtain an Bhinse. Bhí líon na ndámhachtainí arna bhfaomhadh ag an mBinse níos lú ná mar a bhí measta i dtosach. |
| Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | G | 276 | Nuair a bhí tionscadal an tsuirbhé náisiúnta um shláinte agus um fholláine á fhorbairt i dtosach, bhí sé beartaithe go dtarlódh sé thar thréimhse trí bliana agus costais ag eascairt thar gach bliain. Ós rud é gurbh í 2013 an dara bliain den tionscadal, ní raibh tús curtha leis an suirbhé seo nuair a bhíothas ag leanúint d'obair ar an gCreat 'Healthy Ireland' agus forbairt na hanailíse um riachtanais taighde agus sonraí á tabhairt chun críche. |

| Cur Síos | Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Deontais i leith tógála agus feistithe (lena n-áirítear TFC) i gcás gníomhaireachtaí arna gcistiú ag an Roinn | H | 3,400 | Tharla na coigiltis i ngeall ar cheisteanna uainithe maidir le tionscadail, go sonrach, an tSaoráid Taighde Chliniciúil a thógáil ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh. Ní raibh gá leis an leithdháileadh teagmhasach. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilghnéitheach | 1 | 217 | 227 |
| 2. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | 3,915 | 4,619 | 4,861 |
| | Iomlán | 3,916 | 4,836 | 5,088 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (216) | Toisc go bhfuil sé deacair méideanna atá dlite i mbliain amháin ar bith a thuar, cuirtear méid ainmniúil €1,000 sa mheastachán. Tá an éagsúlacht i ngeall ar fháltais le haghaidh táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, aisíocaíochtaí maidir le maoiniú Tionscnamh Drugaí nár caitheamh agus íocaíochtaí scéimeanna pinsean. |
| Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbh tseirbhís phoiblí | (704) | Tá sé deacair an méid atá dlite don Roinn ó ghníomhaireachtaí sláinte i dtaca leis an asbhaint phinsin ar luach saothar na seirbhíse poiblí a mheas toisc go mbraitheann sé ar líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí agus ar na rátaí pá atá i bhfeidhm sna gníomhaireachtaí, agus d'fhéadfadh an dá rud a bheith éagsúil (feic nóta 2.5). |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Áirítear ar líon na mball foirne ag deireadh na bliana i ngníomhaireachtaí na Roinne roinnt gníomhaireachtaí neamhthráchtála stáit nach bhfuil ag fáil aon mhaoiniú go díreach ón Státchiste

Baineann na sonraí faoi phá, liúntais agus luach saothair eile sa mhéid seo le foireann na Roinne Sláinte agus leo siúd amháin. Tá faisnéis mhionsonraithe i ndáil le pá i gcás na ngníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne ar fáil sna tuarascálacha ábhartha bliantúla nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | | |
| Ranna | 351 | 355 |
| Gníomhaireachtaí | 1,349 | 1,433 |
| | 1,700 | 1,788 |

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 21,061 | 22,130 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 144 | 177 |
| Liúntais eile | 3 | 7 |
| Ragobair | 221 | 243 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,027 | 1,031 |
| **Pá iomlán** | **22,456** | **23,588** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2013 € | Uasíocaíocht aonair 2012 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 20 | 5 | 19,071 | 20,614 |
| Liúntais eile | 17 | — | 337 | 3,381 |
| Ragobair | 63 | 5 | 27,384 | 29,384 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin.

**5.2 Státseirbhísigh athfhostaithe**

Rinneadh ceithre státseirbhíseach a bhfuil pinsin na státseirbhíse á bhfáil acu a athfhostú ar bhonn táille ag costas iomlán €97,873. Bhí pinsin na foirne sin faoi réir rialacha laghdaithe pinsin.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Cistiú ón gCrannchur Náisiúnta**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fo-theideal** | **Cur síos** | | | |
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |

Íocadh €3.286 milliún san iomlán faoi fhotheideal B.2 le gníomhaireachtaí sláinte agus le heagraíochtaí eile dá leithéid. Tá sonraí faoin gcistiú a tugadh le fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne “www.dohc.gov.ie".

**6.2 Costais Dlí**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Tá costais dlí a íocadh le linn na bliana sna catagóirí seo a leanas | **€000** | **€000** |
| Costais dlí | — | — |
| Costais chúitimh | 8,589 | 9,287 |
| | 8,589 | 9,287 |

**6.3 Ciste Infheistíochta Obstatraice Speisialta**

Tá an Ciste Infheistíochta Obstatraic Speisialta á infheistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i ndáil le híocaíochtaí a theastaíonn mar thoradh ar éilimh a eascraíonn ó theagmhais obstatraice stairiúla i gcoinne ospidéal rannpháirteach ainmnithe.

**6.4 Dliteanais Theagmhasacha**

Tá an Roinn bainteach le roinnt éileamh ina bhfuil imeachtaí dlíthiúla i gceist ar féidir go nginfidh siad dliteanais, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.